An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

# Pleanáil agus torthaí foghlama á n-úsáid

## Comhthéacsanna áitiúla a úsáid don teagasc, measúnú agus foghlaim i Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí

***'Agus an cúrsa á phleanáil, cuirfidh an múinteoir san áireamh an gá atá le réimse leathan deiseanna a sholáthar ionas go mbeidh eispéiris foghlama bhríocha agus spreagúla ag an scoláire trí réimse leathan comhthéacsanna.'***

Sonraíocht an Staidéir Ghnó lch. 11

Spreagann Sonraíocht an Staidéir Ghnó sinn chun an comhthéacs áitiúil a úsáid chun go mbeadh baint níos dírí ag ár scoláirí leis an bhfoghlaim. Nuair a úsáidtear eispéiris foghlama a bhfuil baint acu le saol ár scoláirí tacaíonn sé le croíphrionsabail an mheasúnaithe fhoirmithigh, is é sin le rá, gur chóir don fhoghlaim tosú ón áit a bhfuil an scoláire agus i gcomhthéacs a bhaineann leo chun a gcuid eolais agus a gcuid tuisceana a fhorbairt.

Is é príomh aidhm na hacmhainne seo léiriú conas gur féidir torthaí foghlama a dhéanamh bainteach i gcomhthéacs áitiúil agus d'aontaigh muid aird a dhíriú sa chás seo ar thoradh foghlama *2.1* chun é sin a léiriú agus chun a thaispeáint conas a chuaigh beirt mhúinteoirí Staidéar Gnó ina cheann óna gcomhthéacs féin –

Cineálacha difriúla fiontair airgeadais, chultúrtha agus shóisialta a shainaithint agus **léirthuiscint a bheith aige** don ról atá ag gach ceann acu sa tsochaí

Gheobhaidh tú thíos acmhainn a chruthaigh múinteoirí comhlacha agus a bhfuil toradh foghlama 2.1 mar fhócas aici. Ar dtús, breathnaímis níos grinne ar thoradh foghlama 2.1.

2.1 – Cineálacha difriúla **fiontair** airgeadais, chultúrtha agus shóisialta **a shainaithint** agus **léirthuiscint a bheith aige** don ról atá ag gach ceann acu sa tsochaí


Seo a leanas míniúcháin ar na briathra gnímh agus ar na téarmaí gnó ó na gluaiseanna:

**Sainaithin:** patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a thabhairt as measc féidearthachtaí éagsúla; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hacmhomair

**Léirthuiscint a bheith ag .. do..:** brí a aithint, tuiscint phraiticiúil a bheith aige do rud

**Fiontraíocht (Tionscnaíocht):** Cumas an duine gníomhú go néamhspleach nó i gcomhar le daoine eile chun smaointe a ghiniúint agus a thógáil go cruthaitheach, deiseanna chun nuálaíocht a shainaithint agus iad a athrú ina gníomhartha praiticiúla agus spriocdhírithe.

Cuimhnigh gur ráitis iad na Torthaí Foghlama a chuireann síos ar eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna a ba chóir do scoláirí a bhéith ábalta a léiriú i ndiaidh tréimhse foghlama.  Is í seo an chiall a bhain roinn Staidéar Gnó áirithe as toradh foghlama 2.1.




I ndiaidh dúinn an toradh foghlama a spíonadh amach, téimid i mbun pleanála maidir le teagasc, measúnú agus foghlaim. Ó tharla gur ráitis iad na torthaí foghlama a thugann mionsonraí ar an bhfoghlaim a ba chóir do na scoláirí a bheith in ann a léiriú, is gá dúinn a chur san áireamh ar dtús conas a dhéanfaimid an fhoghlaim a mheas (céard a d’fhéadfadh scoláirí a rá, a thógáil, a scríobh nó a dhéanamh) agus ansin an teagasc agus na heispéiris foghlama a phleanáil chun tacú leis sin.

**Torthaí Foghlama i bhfócas**

2.1 - Cineálacha difriúla **fiontair** airgeadais, chultúrtha agus shóisialta **a shainaithint** agus **léirthuiscint a bheith aige** don ról atá ag gach ceann acu sa tsochaí

**Príomhchoincheapa:**

- Coincheap na fiontraíochta – a eascraíonn as an ngluais
- Cineálacha difriúla fiontair (airgeadas, cultúrtha agus sóisialta)
- Iniúchadh a dhéanamh chun fiontair airgeadais, chultúrtha agus shóisialta áitiúla a shainaithint agus an ról atá acu go háitiúil, go náisiúnta agus b'fhéidir go hidirnáisiúnta a léiriú

**Torthaí Foghlama:**

- An chiall a bhaineann le fiontraíocht a thuiscint agus a bheith in ann cineálacha éagsúla fiontar a shainaithint
- A bheith in ann ról na bhfiontar sin sa chomhthéacs áitiúil s'acu féin a mhíniú

**Eispéiris Fhoghlama:**

1. Gníomhaíocht ar an gclár idirghníomhach ar réamheolas i dtaca le coincheap na fiontraíochta – tuilleadh plé ranga agus obair beirte chun an coincheap a fhorbairt. Aiseolas a thaifead agus an múinteoir ag cur cruth ar an eolas sin chun teacht ar chomhthuiscint faoin gcoincheap.

2. An tuiscint atá acu ar fhiontar a úsáid, trí ghníomhaíocht 'smaoinigh, péireáil, roinn' nó gníomhaíocht tobsmaointeoireachta chun teacht ar shamplaí d'fhiontair áitiúla– múnlaíonn an múinteoir an t-eolas sin chun rannóga Aireagadais, Cultúrtha & Sóisialta a thabhairt isteach – agus tuilleadh smaointe a lorg bunaithe ar thuiscint níos doimhne agus samplaí eile a chur ar fáil má tá bearnaí ann.

3. Plé ranga, obair i bpéirí agus obair chomhroinnte i dtaca le ról agus ionchur fiontar roghnaithe, aiseolas agus taifead an eolais

**Tasc:**

Iniúchadh a dhéanamh ar an bpobal áitiúil (bunaithe ar an gceantar tíreolaíochta clúdaithe laistigh den rang) agus na fiontair Airgeadais, Chultúrtha agus Shóisialta a shainaithint agus béim a chur ar ról agus ar ionchur gach cinn acu. Déanfar é sin i ngrúpa (2-3 scoláirí) agus cuirfidh an grúpa an t-iniúchadh i láthair an ranga.

**Critéir Ratha:**

- Shainaithin muid ar a laghad 6 fhiontar áitiúla lena n-áirítear ar a laghad dhá shampla ó gach catágóir
- Phléigh muid ar a laghad 3 bhealach ina dtéann na heagraíochtaí seo chun tairbhe ag leibhéal áitiúil, náisiúnta nó b'fhéidir ag leibhéal idirnáisiúnta
- Chuir muid ár gcuid oibre i láthair trí mhodh láithreoireachta oiriúnach a roghnaigh muid

Tá na meabhairmhapaí cogal iniata leis seo ann chun a leiriú conas is féidir le heagraíochtaí airgeadais, cultúrtha agus sóisialta a bheith difriúil ag brath ar an gcomhthéacs áitiúil agus ní eiseamláirí ar thasc scoláirí iad.

coggle

# Fiontair Áitiúil

## Sóisialta

- Grúpa Gasóga Mara áitiúil a chuireann traenáil agus forbairt phearsanta ar fáil do dhaoine óga
- Cur chun cinn ábaltachtaí ceannasaíochta i ndaoine óga agus sna ceannairí fásta
- Cuireann sé le spiorad an phobail agus spiorad an chomhoibrithe

Gasóga Mara Na Gaeltachta

- Club Peil Gaelach áitiúil a chuireann caithimh aimsire spóirt ar fáil sa gceantar áitiúil
- Ag cur aithne ar dhaoine níos faide ó bhaile trí rannpháirtíocht i gcomórtais agus trí bheith i do bhall de chlubanna ar fud na hÉireann agus thar lear
- Cuireann sé go mór le spiorad an phobail agus le háiseanna áitiúla de bharr tógáil halla gleacaíochta ilfheidhme ina bhfuil cúirt cispheile lánmhéide

Cumann Peile Naomh Anna

## Airgeadas

Connemara Abalone

- Ag úsáid acmhainní áitiúla chun foireann áitiúil a fhostú
- Ag díol sliogéisc thar lear agus ag déanamh brabach níos mó le níos mó custaiméirí
- Ag roinnt smaointe áitiúla ar an gcaoi chun acmhainní áitiúla a úsáid mar smaoineamh gnó

Rí na Mara Irish Seaweed Cosmetics

- Cosmaidí d'ardchaighdeán ag úsáid acmhainní áitiúla á ndíol sa mbaile agus thar lear
- Fostaíocht do dhéantúsóirí cosmaidí chomh maith le feirmeoirí feamainne
- Deá-íomha agus ardchaighdeán bainteach leis an gceantar, úsáid á baint as an teanga Ghaeilge.

## Cultúrtha

An Gaelacadamh

- Ag cur ranganna de gach cinéal uirlis cheoil ar fáil ar fud Chonamara ag táille réasúnta
- Ag cur fostaíocht ar fáil do mhúinteoirí ceoil
- Ag cabhrú leis an teanga Ghaeilge agus an cultúr Gaelach a chaomhnú agus a chur chun cinn

RTÉ Raidió na Gaeltachta

- Ag cur seirbhís raidió trí mheán na Gaeilge ar fáil do phobail Ghaeltachta
- Is féidir le pobal na Gaeilge thar lear teacht air ag úsáid an Player ar fud an domhain.
- Cur chun cinn cultúir agus traidisiúin

# Fiontair Chultúrtha, Shóisialta agus Airgeadais sa gceantar

## Fiontair Airgeadais



**AIB Tamhlachta**
Seirbhísí bainc a chur ar fáil
Fostaíocht a chur ar fáil
Urraíocht a thabhairt d'imeachtaí áitiúla



**CItywest Hotel**
Poist a chur ar fáil
Óstán fóillíochta agus áis gailf a chur ar fáil
Ionad comhdhála agus imeachta



**Luas**
Taisteal a chur ar fáil
Poist a chur ar fáil
I gcomhpháirtíocht le scoil áitiúil tríd an oibreoir Transdev

## Fiontair Shóisialta

**Fledgling Early Years and Education Centre**
Soláthraíonn ionaid luath-óige
Poist a chur ar fáil
Tacaíocht do thuismitheoirí



**Sólann Tamhlachta**
Imeachtaí Caitheamh Aimsire agus Aclaíochta a chur ar fáil
Eolas agus tacaíocht maidir le sláinte agus aclaíocht a chur ar fáil
Poist a chur ar fáil



**Fettercairn Youth Horse Project**
Ceachtanna marcaíochta a chur ar fáil
Cláir traenála chreidiúnaithe
Éascaíonn taighde i réimse na Foghlama Each-Chuidithe

## Fiontair Chultúrtha

**Civic Theatre**
Léirithe Ceoil, Ealaíne, Damhsa, Ceolfhoirne agus Grinn a chur ar stáitse
TenderFoot Youth Arts Programme - printíseacht i ndrámaíocht do dhaoine óga
Poist a chur ar fáil sa mbeár agus sa mbialann

**Rua Red**
Áiseanna Cultúrtha a chur ar fáil
Imeachtaí ealaíne a chur ar siúl
Poist a chur ar fáil

**CLG**
Foirne peile & iománaíochta faoi aois agus do dhaoine fásta
Cur chun cinn Chultúr agus Oidhreacht na nGael trí mheán an spóirt, an damhsa, an cheoil agus na Gaeilge
Cuireann sé áit lárnach ar fáil inar féidir leis an bpobal teacht le chéile